



Caingean arna tabhairt an 23 Nollaig 2024 – Iran Air v an Chomhairle

(Cás T-676/24)

(C/2025/1542)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: Iran Air — The Airline of the Islamic Republic of Iran (Iran Air) (Tehran, an Iaráin) (ionadaithe: D. Rahimi Moghaddam agus T. Wülfing, Dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Maíonn an t-iarratasóir gur cheart go gcuirfeadh an Chúirt Cinneadh (CBES) 2024/2698 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus grúpaí agus eintitis armtha i réigiún an Mheánoirthir agus na Mara Rua ⁽¹⁾ chomh maith le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2697 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1529 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus grúpaí agus eintitis armtha i réigiún an Mheánoirthir agus na Mara Rua ⁽²⁾ ar neamhní, a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis an iarratasóir.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí: An ceart chun éisteachta

Sháraigh an cosantóir ceart an iarratasóra chun éisteacht a fháil a leagtar síos in Airteagal 41(2)(a) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ⁽³⁾ sular glacadh na gníomhartha aonair lena ndéantar dochar dó. Níor éisteadh leis an iarratasóir.

2. An dara saincheist dlí: An ceart chun cúiseanna, an ceart chun cosanta, an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

Sháraigh an cosantóir a oibleagáid cúiseanna a lua faoin dara mír d'Airteagal 296 CFAE, rud a sháraigh cearta cosanta an iarratasóra agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil faoi Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhar le hAirteagal 6(3)(a)(b) agus Airteagal 13 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Níor luaigh an cosantóir na cúiseanna ar a raibh na gníomhartha bunaithe ar bhonn aonair. I gcás gach aerlíne ar forchuireadh smachtbhannaí uirthi, úsáideadh foclaíocht chomhionann ghinearálta a d'fhág gur dheacra na líomhaintí a chosaint laistigh den tréimhse a fhorordaítear leis an séú mír d'Airteagal 263 CFAE agus le hAirteagal 60 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta ⁽⁴⁾.

3. An tríú saincheist dlí: An ceart chun rochtain a fháil ar an gcomhad, an ceart chun cosanta, an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

Sháraigh an cosantóir a oibleagáid rochtain a thabhairt ar an gcomhad faoi Airteagal 41(2)(b) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, rud a sháraigh arís cearta cosanta an iarratasóra agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil faoi Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhar le hAirteagal 6(3)(a), (b) agus Airteagal 13 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Chuir an cosantóir sraith fianaise ar fáil don iarratasóir tar éis iarraidh ar rochtain ar an gcomhad a rinne a ionadaí dlí; ní bhaineann 7 gcinn de na 22 dhoiciméad leis an iarratasóir. Fós féin, b'éigean d'ionadaithe dlí an iarratasóra déileáil leis na doiciméid sin, ar sárú é sin ar phrionsabal na soiléireachta comhaid agus, dá bhrí sin, sárú ar chosaint dhlíthiúil éifeachtach.

⁽¹⁾ IO L, 2024/2698.

⁽²⁾ IO L, 2024/2697.

⁽³⁾ IO 2012 C 326, lch. 391.

⁽⁴⁾ IO 2015 L 105, lch. 1, leagan comhdhlúite.

4. An ceathrú saincheist dlí: An ceart chun fianaise neamhchlaonta a fháil

Sháraigh an cosantóir ceart an iarratasóra chun fianaise neamhchlaonta a fháil, mar a leagtar síos in Airteagal 41(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ní chuimsíonn an fhianaise a bhaineann leis an iarratasóir ach tuairiscí nuachtáin ar fhianaise líomhainte iad chun aimhleasa an iarratasóra i lámha tríú páirtithe. Bhí muinín dall ag an gcosantóir sna tuairiscí nuachtáin sin agus ní dhearna sé aon imscrúduithe dá chuid féin, go háirithe sa chaoi gur theip air fianaise a lorg i bhfabhar an iarratasóra.

5. An cúigiú saincheist dlí: An ceart chun measúnú neamhchlaonta a fháil ar fhianaise

Sháraigh an cosantóir ceart an iarratasóra, a leagtar síos freisin in Airteagal 41(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, chun an fhianaise a bhaineann leis a úsáid go neamhchlaonta agus go cothrom faoi na coinníollacha a bhunaigh sé féin maidir le smachtbhannaí. Ní thacaíonn aicmiú cuí faoi na coinníollacha maidir le smachtbhannaí arna leagan síos ag an gcosantóir leis an gconclúid ar tháinig an cosantóir uirthi; ní léiríonn na tuairiscí nuachtáin a bailíodh go raibh baint ag an iarratasóir leis an líomhain gur iompaigh sé earraí míleata.

6. An séú saincheist dlí: Mí-úsáid cumhachtaí

Is dócha go raibh an cosantóir ag gabháil do chuspóir eile, ar a laghad go príomha, leis na gníomhartha dlí ná mar a dúirt sí go hoifigiúil. Agus na gníomhartha á nglacadh aici, bhí an Chomhairle féin den tuairim go raibh an t-iarratasóir neamhchiontach maidir leis na líomhaintí ina choinne, is é sin le rá, nach bhféadfaí líomhain a dhéanamh ina choinne ar bhonn dáiríre ina aonar, ach gur cheart, mar sin féin, é a chur faoi dhliteanas i leith dliteanas comhchoiteann arna spreagadh go polaitiúil.
